Dlíthe Tiomána

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoi na hathruithe atá le teacht ar dhlíthe tiomána na tíre agus an tástáil teoirice tiomána. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

An bhfuil gá le tástáil teoirice tiomána?

An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi na hathruithe atá déanta ar na dlíthe tiomána sa tír?

Ar cheart athruithe a dhéanamh ar na dlíthe tiomána?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Limit _____ Comharthaí

Fine _____ Dlúthdhiosca

Sector _____ Contúirt

Record _____ Fíneáil

Training _____ Teorainn

Prepared _____ Bunchloch

Danger _____ Ullmhaithe

Foundation _____ Taifead

Compact disc _____ Earnáil

Signs _____ Oiliúint

Ceist 3 **a)** Anois, féach ar an mír don dara uair agus déan iarracht na bearnaí a líonadh leis na focail chuí.

Iadsan atá fós faoi _____ nó ar tiomáint an tslí bheatha atá acu, 20 mg is mó a bheidh ceadaithe dóibhsean. An té a bheidh beagán os cionn na _____ 50mg, beidh sé de chead ag Gardaí trí phointe _____ agus _____ €200 a ghearradh orthu. Gearrfar fíneáil 400 euro ar an té a mbeadh idir 80-100 mg alcól in aghaidh céad míllilítear dá gcuid fola agus cuirfear den bhóthar iad ar feadh sé mhí. Má bhíonn tiománaí os cionn 100mg, caithfear dul chun _____. Cuirfear den bhóthar ar feadh bliana ar a laghad iad, agus d'fhéadfaí fíneáil suas le cúig mhíle euro a __ orthu.

(pionóis, teorann, ghearradh, fíneáil, oiliúint, cúirte,)

b) *'c(h)ead ag Gardaí **trí phointe**'*

Anois déan iarracht na huimhreacha thíos a chur i bhfoirm focal.

2 x cathaoir

7 x pianó

5 x teach

19 x geata

20 x bord

11 x scáthán

8 x carr

23 x peann

99 x balún

44 x bróg

Ceist 4 Déan iarracht an abairt chuí ar dheis a cheangal leis an uimhir chuí ar chlé.

1. 80mg-100mg	a) Má bhíonn líon an alcóil ós cionn 50mg.
2. 50mg	b) Os cionn 50mg beidh sé de chead ag Gardaí trí phointe pionóis agus fíneáil €200 a ghearradh orthu.
3. €200	c) Iadsan atá fós faoi oiliúint nó ar tiomáint an tslí bheatha atá acu, 20 mg is mó a bheidh ceadaithe dóibhsean.
4. 100mg	d) Tomhaistear an líon alcóil in aghaidh céad ml dá gcuid fola.
5. 100ml	e) Má bhíonn idir 80-100mg alcól sa chorp.
6. 20mg	f) Fíneáil €400 agus cuirfear den bhóthar ar feadh sé mhí iad.
7. €400	g) Caithfear dul chun cúirte agus cuirfear den bhóthar ar feadh bliana ar a laghad iad.
8. 7,000	h) Líon na ndaoine a maraíodh ar bhóithre na tíre anuraidh.
9. 500	i) An líon ceisteanna a bheidh sa tástáil teoirice nua.
10. 212	j) Líon ceisteanna a bhí sa tástáil teoirice go dtí seo.
11. 1,500	k) Líon na bhfostaí ar scaoileadh leo san earnáil anuraidh.
12. 40	l) Líon na dtithe ósta ar a laghad i mbaol a ndúnta sa bhliain amach romhainn.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
F											

Ceist 5 **a) *'rud a bheidh muide ag iarraidh ar dhaoine agus ag iarraidh ar an rialtas ná...'***

Cad is brí le 'ag iarraidh'

Anois, déan iarracht na téarmaí seo a leanas a chur in abairtí chun a mbrí a léiriú:

ag iarraidh, ar iarraidh, á iarraidh

b) Anois déan iarracht an crosfhocal thíos a líonadh trí fhocail leis an mbrí chéanna atá le cloisteáil sa sliocht a chur sna boscaí.



Trasna
1. Níos Mó
5. An bhliain seo caite
6. Rannóg
7. Réidh

Anuas
1. Scrúdú
2. Ísliú
3. Pionóis
4. Oiliúint

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Ní hé an t- alcól is cúis le bás ar na bóithre in Éirinn'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Limit_____**Teorainn**

Fine_____**Fíneáil**

Sector_____**Earnáil**

Record_____**Taifead**

Training_____**Oiliúint**

Prepared_____**Ullmhaithe**

Danger_____**Contúirt**

Foundation_____**Bunchloch**

Compact disc _____**Dlúthdhiosca**

Signs_____**Comharthaí**

Ceist 3 **a)** Iadsan atá fós faoi **oiliúint** nó ar tiomáint an tslí bheatha atá acu, 20 mg is mó a bheidh ceadaithe dóibhsean. An té a bheidh beagán os cionn na **teorann** 50mg, beidh sé de chead ag Gardaí trí phointe **pionóis** agus **fíneáil** €200 a ghearradh orthu. Gearrfar fíneáil €400 euro ar an té a mbeadh idir 80-100 mg alcól in aghaidh céad mllilítear dá gcuid fola agus cuirfear den bhóthar iad ar feadh sé mhí. Má bhíonn tiománaí os cionn 100mg caithfear dul chun **cúirte**. Cuirfear den bhóthar ar feadh bliana ar a laghad iad agus d'fhéadfaí fíneáil suas le cúig mhíle euro a **ghearradh** orthu.

b) Úsáidtear foirm na mbunuimhreacha in áit na maoluimhreacha nuair a bhíonn rudaí á gcómhaireamh

2 x cathaoir_____Dhá chathaoir

7 x pianó_____Seacht bpianó

5 x teach_____Cúig theach

19 x geata_____Naoi ngeata dhéag

20 x bord_____Fiche bord

11 x scáthán_____Aon scáthán déag

8 x carr_____Ocht gcarr

23 x peann_____Trí pheann is fiche

99 x balún_____Naoi mbalún is nócha

44 x bróg_____Ceithre bhróg is daichead

Ceist 4

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
F	**B**	**A**	**G**	**D**	**C**	**E**	**K**	**L**	**H**	**I**	**J**

Ceist 5 Ciallaíonn ag iarraidh, rud atá ag teastáil uait.

Sampla:Tá tae uaim = Tá mé ag iarraidh tae.

Ní mór do na daltaí abairtí a chumadh chun brí na bhfocal a léiriú.

Tá mé *ag iarraidh* dul ar scoil amárach.

Tá mo chóta *ar iarraidh.*

Cá bhfuil do charr? Tá na Gardaí *á iarraidh!*

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh, má tá am ann.

Caoimhe Nic Chonchoille

Tá roinnt athruithe in ann do lucht tiomána na tíre an tseachtain seo. Tá athrú déanta ar an tástáil teoirice tiomána chomh maith le hathrú fosta ar an mhéid[1] alcóil is ceadmhach do dhaoine a bheith ag tiomáint a ól.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Tá athrú ar an tástáil teoirice tiomána ó inniu. Fanfaidh leagan amach an scrúdaithe mar atá ach go mbeidh ceisteanna nua ann agus go bhfuil athrú ar chuid eile acu.

1,500 ceist anois ar fad a bheidh le clúdach[2]. Deir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcinnteoidh sé seo go mbeidh tiománaithe níos ullmhaithe le dul chun bóthair.[3]

Níl ann ach bunchloch agus is bunchloch maith é. Is dóigh go dtabharfaidh daoine níos mó aird anois air. Roimhe seo bhíodh siad ag foghlaim de ghlanmheabhair na ceathracha ceist. Choinníodh siad ag dul timpeall ar an dlúthdhiosca arís agus arís eile agus bheadh chuile cheist nó chuile fhreagra acu ar chuile cheist sa deireadh ach beidh sé níos deacra é sin a dhéanamh le 1,500 agus tá níos mó aird anois freisin sa leabhar nua, feictear dom, ar chontúirtí[4] a aithneachtáil[5] ar an mbóthar agus déileáil leis an gcontúirt . Is dóigh go bhfuil níos mó aird ar chomharthaí bóthair a aithneachtáil[6] agus a léamh.

Tá athrú freisin ar dhlíthe a bhaineann le halcól agus le tiomáint. Ó mheánoíche Déardaoin seo chugainn, beidh laghdú ar an méid alcóil a bheidh cead a ól, ó 80mg go 50mg in aghaidh céad millilítear fola. Sin beagán níos lú ná pionta beorach.

Iadsan atá fós faoi oiliúint nó ar tiomáint an tslí[7] bheatha atá acu, 20 mg is mó a bheidh ceadaithe dóibhsean. An té a bheidh beagán os cionn na teorann 50mg, beidh sé de chead ag Gardaí trí phointe pionóis agus fíneáil €200 a ghearradh orthu. Gearrfar fíneáil €400 ar an té a mbeadh idir 80-100 mg alcól in aghaidh céad millilítear dá gcuid fola agus cuirfear den bhóthar iad ar feadh sé mhí. Má bhíonn tiománaí os cionn 100mg caithfear dul chun cúirte. Cuirfear den bhóthar ar feadh bliana ar a laghad iad agus d'fhéadfaí fíneáil suas le cúig mhíle euro a ghearradh orthu.

Dar le Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann scaoileadh le 7,000 fostaí san earnáil anuraidh agus tá 500 teach ósta ar a laghad i mbaol a ndúnta sa bhliain[8] amach romhainn.

Is cinnte go bhfuil rudaí ar nós an cosc ar tobac agus na rialacha nua seo maidir le tiomáint agus alcól ag cur isteach orainn, agus an rud a bheidh muide ag iarraidh ar dhaoine agus ag iarraidh ar an rialtas ná b'fhéidir céim siar a thógáil[9] agus féachaint ar na figiúirí sin - sin seacht n-uaire na poist ar fad a cailleadh in Aviva an tseachtain seo caite.

---

[1] I gcanúint an léitheora cuirtear h sa Tuiseal Tabharthach
[2] le clúdú a deirtear
[3] le dhul 'un bóthair a deirtear sa chaint.
[4] Contúirteachaí deirtear
[5] a aithint/a aithneachtáil a deirtear i gConamara(glactar leis in Ó Domhnaill)
[6] a aithint/a aithneachtáil a deirtear i gConamara(glactar leis in Ó Domhnaill)
[7] an slí a deirtear
[8] sa mbliain a deirtear i gcanúint an tuairisceora.
[9] A thógaint a deirtear sa chanúint atá aige.

212 duine a maraíodh ar bhóithre na tíre anuraidh, an líon is lú ó tosaíodh ag coinneáil taifid. Tá súil go gcuideoidh na hathruithe atá le teacht i bhfeidhm an tseachtain seo le tuilleadh daoine a shábháil ar na bóithre.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4